Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(2022/C 29/03)

De bhun Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear leis seo na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 412, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:

"**9503 00 41 Bréagáin stuáilte**

Bréagáin stuáilte faoin bhfo-cheannteideal seo, is gnách fabraic sheachtrach d'ábhar bog a bheith orthu agus is gnách iad a bheith stuáilte le hábhar solúbtha/bog a fhágann go mbíonn pléisiúr le baint as greim a bhreith orthu. Ní mheastar gur ábhar stuála modúil cheoil, feirí ceallraí ná creatlacha. Ní gá bréagán stuáilte a bheith stuáilte go hiomlán, fad agus go dtugann na codanna atá stuáilte saintréith an bhréagáin stuáilte don bhréagán.
Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/352 ón gCoimisiún* agus Rialachán (CE) Uimh. 2184/97 ón gCoimisiún** maidir le bréagáin atá le haicmiú faoi fho-cheannteideal 9503 00 41.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/352 ón gCoimisiún an 2 Márta 2015 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 61, 5.3.2015 lch. 5).
(**) Rialachán (CE) Uimh. 2184/97 ón gCoimisiún an 3 Samhain 1997 maidir le haicmiú earraí áirithe san ainmníocht chomhcheangailte (IO L 299, 4.11.1997, lch. 6).

Samplaí eile de bhréagáin atá le haicmiú faoi fho-cheannteideal 9503 00 41 mar bhréagáin stuáilte ar chuma ainmhithe nó créatúr neamhdhaonna:





Bréagán stuáilte ar chuma béir, é déanta as fabraic bhog, é faoi thuairim 30 cm ar airde, ceann stuáilte air atá measartha mór i gcoibhneas na coda eile de, cosa agus sciatháin stuáilte air agus modúl fuaime ionsuite sa chabhail ann. De bhreis ar an modúl fuaime, tá roinnt bheag stuála sa chabhail.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).
([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.




Teidí beag a chanann ceol agus ag a bhfuil gnéithe idirghníomhacha, é faoi thuairim 19 cm ar airde.
As plaisteach atá an chabhail déanta, tá modúl fuaime ceallra-chumhachtaithe ann agus tá trí chnaipe solais air lena mbrú.
Tá cloigeann stuáilte air, cosa stuáilte, troithe stuáilte, sciatháin agus lámha stuáilte. Na codanna stuáilte uile arna n-áireamh le chéile, is iontu atá an chuid is mó den líonadh ábhair inmheánach.



Bréagán ar chuma cloiginn capaill, é stuáilte agus greamaithe de mhaide adhmaid (60 go 100 cm ar fad) ar a bhfuil dhá roth feistithe ag an mbun.
Samplaí de bhréagáin atá le haicmiú faoi fho-cheannteideal 9503 00 49 mar bhréagáin eile ar chuma ainmhithe nó créatúr neamhdhaonna:



Bréagán ar chuma madra, é faoi thuairim 25 cm ar airde, agus é cumhdaithe le fabraic phluise chniotáilte bhog. As plaisteach atá an chabhail agus an chreatlach déanta agus tá mótar ceallra-chumhachtaithe agus modúl fuaime ann. Ar na ceithre lapa, ar thaobh an ghabhail díobh, tá sraith líneála greamaithe, agus tá an cloigeann stuáilte.



Bréagán ar chuma láma, é faoi thuairim 17 cm ar airde, agus é cumhdaithe le fabraic phluise bhog. As plaisteach atá an chabhail, an cloigeann agus an chreatlach déanta. Tá sraith de phillíní stuála idir an cloigeann plaistigh agus an fhabraic phluise bhog a chumhdaíonn an cloigeann, ach níl aon ábhar stuáilte sa chabhail. Tá mótar ceallra-chumhachtaithe sa bhréagán, lena mbogtar na cosa agus an t-eireaball, agus tá modúl fuaime ann.





Bréagán ar chuma piscín cait, é faoi thuairim 15 cm ar airde, agus é cumhdaithe le fabraic phluise chniotáilte bhog. As plaisteach atá an chabhail agus an chreatlach déanta agus tá mótar ceallra-chumhachtaithe agus modúl fuaime ann. Tá stuáil sna ceithre lapa.





Bréagán ar chuma madra tarrthála, é faoi thuairim 30 cm ar airde, agus é cumhdaithe le fabraic phluise chniotáilte bhog. As plaisteach atá an chabhail agus an chreatlach déanta agus tá mótar ceallra-chumhachtaithe agus modúl fuaime ann. Tá stuáil sna ceithre lapa agus i gcuid den soc.”